

# TÉIPSCRIPT

## An Teastas Sóisearach

### GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

#### Triail Chluastuisceana

Tá trí chuid sa Triail seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C

### CUID A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na teoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

#### An Chéad Chainteoir

Is mise Gréagóir Mac Mathúna. Rugadh agus tógadh mé i mBaile Bhuirne in Iarthar Chorcaí. Is feirmeoir é m'athair. Tá feirm bheag tríocha acra aige lasmuigh den mbaile. Tá post páirtaimseartha ag mo mháthair in Óstán Ghobnatan. Bíonn mo bhreithlá ann ar an séú lá déag de mhí Aibreáin. Tá deirfiúr amháin agam. Neasa is ainm di agus tá sí dhá bhliain níos sine ná mé. Imríom iománaíocht agus peil ghaelach. Is iad na caithimh aimsire atá agam ná éisteacht le ceol, féachaint ar an teilifís agus rothaíocht.

#### An Dara Cainteoir

Róise Ní Dhuibhir anseo. Rugadh mé sna Cealla Beaga i gContae Dhún na nGall. Tá clú agus cáil ar na Cealla Beaga mar bhaile mór iascaireachta. Is iascaire é m'athair. Is saol cruá é saol an iascaire. Is saol dainséarach é fosta. An bhliain seo caite bádh beirt iascaire. Bhí aithne agamsa orthu. Is maith liom dul go Leitir Ceanainn ag siopadóireacht le mo dheirfiúr Áine. Tá Áine bliain níos óige ná mise. Is maith liom an scoil ach is fuath liom an obair bhaile. Ba mhaith liom bheith i m'oibrí sóisialta nuair a fhágfaidh mé an scoil.

### CUID B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na teoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

#### Fógra

Beidh cruinniú Chinn Bhliana Phléaráca Chonamara ar siúl in Áras Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua, Dé Máirt seo chugainn, an 7ú Nollaig ag tosú ag a 8.00 a chlog. Déanfar clár imeachtaí 2012 a phlé ag an gcruinniú. Toghfar Coiste Fhéile Phléaráca Chonamara 2012 ag an gcruinniú seo agus socrófar dátaí fhéile na bliana seo chugainn chomh maith.

#### Píosa Nuachta

Agus seo é réamhaisnéis na haimsire. Beidh sé tirim anocht i ngach áit. Beidh ceo trom in áiteanna i ndeisceart na tíre amárach. Glanfaidh an ceo ag am lóin agus beidh sé grianmhar san iarnóin. Beidh ceathanna troma i dtuaisceart na tíre istoíche amárach agus tá gálaí gaoithe á dtuar d'iarthar na tíre níos déanaí san oíche.

## CUID C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

### Comhrá a hAon

#### An Chéad Mhír

- Úna: Haigh, a Dhónaill. Conas atá an saol?  
Dónall: Go hiontach, a Úna. Níor chuala mé scéal uait le fada an lá. Conas atá ag éirí leat i do scoil nua?  
Úna: Níl ag éirí go rómhaith liom in aon chor, a Dhónaill. Is fuath liom an scoil agus is fuath liom an áit ina bhfuil cónaí orainn freisin. Níl na múinteoirí i mo scoil nua cairdiúil ná cabhrach. Faighimid obair bhaile gach oíche. Ní bhíonn aon spórt ar siúl againn ar scoil. Níl cara ar bith agam san áit. Ní féidir liom dul a chodladh san oíche mar tá teach feirme in aice linn agus bíonn na madraí ag tafann ar feadh na hoíche . .

#### An Dara Mír

- Dónall: Ó, a Úna! Nach bocht an scéal é. Tá trua agam duit. Bhí tú sona sásta sa scoil ina raibh tú agus bhí neart cairde agat.  
Úna: An ceart ar fad agat, a Dhónaill. Ach tá dea-scéala agam duit. Tá mo thuismitheoirí sa chás céanna liom féin. Ní féidir leo socrú síos ach an oiread ná cairde a dhéanamh. Tá an teach díolta againn agus tá teach nua ceannaithe againn in Ascaill na Driseoige. . .  
Dónall: . . . níl sé sin ach timpeall an chúinne uaimse! Tá sé sin go hiontach.  
Úna: Abair é, a Dhónaill. Beimid ag fágáil na háite seo ag deireadh an Mheithimh agus beimid ag bogadh isteach sa teach nua ag tús Lúnasa. Beidh mé ar ais i mo sheanscoil an bhliain seo chugainn. Beidh mé sa rang céanna leatsa, a Dhónaill. Nach iontach an scéal é.  
Dónall: Tá sé sin ar fheabhas ar fad, a Úna.

### Comhrá a Dó

#### An Chéad Mhír

- Brian: Dia duit, a Aoife. An féidir leat labhairt liom?  
Aoife: Á, Dia is Muire duit, a Bhriain. Cinnte is féidir liom. Cad é an scéal?  
Brian: Tá dea-scéala agam duit, a Aoife. Beidh an scoil dúnta Dé Luain.  
Aoife: An scoil dúnta Dé Luain! Ní chreidim focal de. Cé dúirt é sin leat?  
Brian: Bhuail mé leis an leasphríomhoide, Bean Uí Chonchubhair, san ollmheargadh ar maidin agus d'inis sí an scéal dom. Dúirt sí liom freisin go raibh seans mór ann go mbeadh sé dúnta Dé Máirt freisin.  
Aoife: Tá Dia ann! Abair leat, a Bhriain. Is aingeal ó neamh tú!

#### An Dara Mír

- Brian: Bhuel, mar is eol duit go maith bhí sé ag cur seaca go trom aréir. Scoilteadh dhá cheann de na píopaí uisce atá in áiléar na scoile agus tá cuid de na seomraí ranga báite le huisce.  
Aoife: An bhfuil éinne ag deisiú na bpíopaí inniu?  
Brian: Tá na píopaí deisithe cheana féin ach tógfaidh sé cúpla lá sula mbeidh na seomraí ranga triomaithe amach. Ní bheidh an córas teasa deisithe go dtí Dé Máirt.  
Aoife: Tá an chuma ar an scéal mar sin nach mbeidh aon scoil againn go dtí Dé Céadaoin.  
Brian: An ceart ar fad agat.  
Aoife: Yipee!  
Sin deireadh na trialach. Slán agaibh!